

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú
Comhshaoil

Plean Iniúchta Náisiúnta 2013

Córais Chóireála Dramhuisce Tí

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is comhlacht reachtúil í an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (GCC) atá freagrach as cosaint an chomhshaoil in Éirinn. Déanaimid rialáil agus póilíneacht ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú. Cinntimid go bhfuil eolas maith ar fáil ar threochtaí timpeallachta ionas go ndéanfar na gníomhartha riachtanacha. Is iad na tosaíochtaí atá againn ná cosaint thimpeallacht na hÉireann agus cinntiú go ndéantar forbairt go hinbhuanaithe.

Is comhlacht neamhspleách poiblí í an GCC a bunaíodh in Iúil 1993 de réir Acht na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil, 1992. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an t-urra atá uirthi sa Rialtas.

ÁR BHFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bímid ag ceadúnú na nithe seo a leanas le cinntiú nach mbíonn a n-astuithe ag cur sláinte daoine i mbaol ná ag déanamh dochair don timpeallacht:

- 🕒 áiseanna dramhaíola (m.sh, líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- 🕒 gníomhaíochtaí tionscail mórsála (m.sh., déantúsaíocht chógaíochta, déantúsaíocht shuiminte, ionaid chumhachta);
- 🕒 diantalmhaíocht;
- 🕒 úsáid ghlanscartha agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (OGanna);
- 🕒 áiseanna móra stórála peitрил;
- 🕒 scaoileadh dramhuisce tí.

FORFHEIDHMIÚ TIMPEALLACHTA NÁISIÚNTA

- 🕒 breis is 2,000 iniúchadh a dhéanamh gach bliain ar áiseanna atá ceadúnaithe ag an GCC.
- 🕒 Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí cosanta timpeallachta na n-údarás áitiúil i réimsí an aeir, torainn, dramhaíola, dramhuisce agus cáilíochta uisce.
- 🕒 Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun deireadh a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola, trí chomhordú líonra náisiúnta forfheidhmithe, trí dhírú ar chiontóirí, imscrúduithe a dhéanamh agus trí mhaoirseacht a dhéanamh ar fheabhsúchán.
- 🕒 Na daoine sin a sháraíonn dlí timpeallachta agus a dhéanann dochar don timpeallacht mar thoradh ar a ngníomhartha a ionchúiseamh.

MONATÓIREACHT, ANAILÍSIÚ AGUS TUAIRISCIÚ AR AN TIMPEALLACHT

- 🕒 Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht aeir agus cáilíocht aibhneacha, lochanna, uiscí taoide agus screamhuisce; tomhas leibhéil uisce agus sruthanna aibhneacha.
- 🕒 Tuairisciú neamhspleách le cabhrú le cinnteoireacht a bhíonn á déanamh ag an rialtas náisiúnta agus áitiúil.

RIALÚ ASTUITHE NA NGÁS CEAPTHA TEASA IN ÉIRINN

- 🕒 Astuithe na ngás ceaptha teasa in Éirinn a chainníochtú i gcomhthéacs ár ngealltanas i gComhaontú Kyoto.
- 🕒 An Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a chur i bhfeidhm, rud a chuimsíonn breis is 100 comhlacht a chruthaíonn cuid mhaith dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT TIMPEALLACHTA

- 🕒 Taighde a chomhordú ar cheisteanna timpeallachta (lena n-áirítear cáilíocht aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht agus teicneolaíochtaí timpeallachta).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA

- 🕒 Measúnú a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár ar thimpeallacht na hÉireann (amhail bainistíocht dramhaíola agus pleananna forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR TIMPEALLACHTA

- 🕒 Treoir a sholáthar don phobal agus do lucht tionscail ar ábhair éagsúla timpeallachta (lena n-áirítear iarratais ar cheadúnas, cosc dramhaíola agus rialacháin timpeallachta).
- 🕒 Feasacht níos mó a mhúscailt ar chúrsaí timpeallachta (trí chlár theilifíse ar an timpeallacht agus trí phacaí acmhainní do bhunscoileanna agus meánscoileanna).

BAINISTIÚ FORGHNÍOMHACH DRAMHAÍOLA

- 🕒 Tionscadail choiscthe agus laghdaithe dramhaíola a chur chun cinn trí chomhordú an Chláir Náisiúnta Coiscthe Dramhaíola, lena n-áirítear ionchur i gcur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- 🕒 Na Rialacháin amhail Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) agus Srian ar Shubstaintí Guaiseacha (SSG) agus ar shubstaintí a dhéanann folmhú ar an gciseal ózóin a fhorfheidhmiú.
- 🕒 Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí a fhorbairt chun drahaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

BAINISTÍOCHT AGUS STRUCHTÚR AN GCC

Tá an eagraíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus ceathrar Stiúrthóirí.

Déantar obair an GCC ar fud ceithre oifig:

- 🕒 An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- 🕒 Oifig Forfheidhmithe Timpeallachta
- 🕒 Oifig Mheasúnaithe Timpeallachta
- 🕒 An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Cabhraíonn Coiste Comhairleach dáréag ball a bhuaileann le chéile ceithre huairé in aghaidh na bliana leis an GCC, chun ábhair bhuartha a phlé agus chun comhairle a chur ar an mBord.



Ár nUisce agus ár Sláinte a Chosaint

An Plean Iniúchta Náisiúnta

Córais Chóireála Dramhuisce Tí

2013

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Loch Garman
Éire

www.epa.ie

© An Gníomhaireacht um Chaomhnú
Comhshaoil 2013

SÉANADH

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Gníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil ná na húdair le freagracht ar bith as cailteanas ná damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, mar thoradh ar dhuine ar bith a bheith ag gníomhú nó gan a bheith ag gníomhú mar gheall ar ábhar áirithe atá san fhoilseachán seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

AN PLEAN INIÚCHTA NÁISIÚNTA Córais
Chóireála Dramhuisce Tí

2013

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú
Comhshaoil, Éire

ISBN 978-1-84095-479-1

Fógra Tábhachtach do Shealbhóirí Tí

Beidh sealbhóirí tí curtha ar an eolas go foirmiúil roimh ré ag a nÚdarás Áitiúil má tá iniúchadh le bheith déanta ar a gcóras cóireála dramhuisce tí, agus beidh ar na cigirí aitheantas a thabhairt leo agus é a chur ar fáil do shealbhóirí tí nuair a iarrtar é.

Ná téigh isteach in umar dramhuisce ag am ar bith, fiú mura bhfuil dramhaíl ann, ós rud é go bhféadfadh gáis dháinséaracha a bheith ann - faigh cúnamh saineolach ó dhuine oile gairmiúil.

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an GCC chun tuilleadh eolais a fháil faoi dhramhuisce tí

www.epa.ie/whatwedo/advice/wastewater

Buíochas

Baineadh leas as saineolas agus taithí saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an Plean Iniúchta Náisiúnta a fhorbairt. Admhaíonn an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (GCC) go buíoch an obair a rinne siad ar smaointe, eolas, tráchtanna agus nithe eile a chur ar fáil, chomh maith le hobair eile a rinne siad ar an bPlean Iniúchta Náisiúnta a ullmhú le haghaidh córais chóireála dramhuisce tí. Ba mhaith leis an GCC buíochas ar leith a ghabháil leis na saineolaithe idirnáisiúnta a rinne athbhreithniú piaraí ar an modheolaíocht riosca atá mar bhonn leis an bplean.

Mar chuid d'fhorbairt an Phlean, chuir an GCC agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, siompóisiam idirnáisiúnta ar siúl ar chórais chóireála dramhuisce tí. Bhí breis is 250 taighdeoir, duine ceaptha polasaí, ball foirne údarás áitiúil agus cleachtóir i láthair ag an ócáid seo. Bhí an siompóisiam ina fhóram díospóireachta agus plé idir thoscairí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Admhaíonn an GCC rannpháirtíocht agus cion oibre an chúig chainteoir déag go léir ó Éirinn agus na dtrí chainteoir déag go léir ón iasacht a bhí ag an ócáid go buíoch. Tá liosta iomlán de na cainteoirí, in éineacht le físeáin agus cóipeanna de na páipéir, ar fáil ag www.epa.ie.

Is mian leis an GCC buíochas a ghabháil chomh maith leis na daoine agus na heagraíochtaí sin a chaith am ar aighneachtaí a dhéanamh i rith an chomhairliúcháin maidir leis na *‘Tograí do Phlean Iniúchta Náisiúnta le haghaidh Córais Chóireála Dramhuisce Tí’*.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Tá athbhreithniú déanta ag an GCC le fáil amach an bhfuil an Plean Iniúchta Náisiúnta faoi scóip na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) (2001/42/EC). Is é tuairim an GCC nach gá MST a dhéanamh le haghaidh an Phlean seo.

Brollach

Tá uisce atá glan, sláintiúil agus cosanta go maith riachtantach chun pobail atá inmharthana agus beoga a chothú i gceantair gan séarach ar fud na hÉireann. Tá gá ag na pobail seo, pobail atá suite faoin tuath go háirithe, le foinsí uisce atá iontaofa agus glan, chomh maith le bealaí inbhuanaithe agus sábháilte chun a ndramhuisce a bhainistiú.

De réir na Príomh-Oifige Staidrimh (PO, 2012), bailíonn, cóireálann agus scaoileann córais chóireála dramhuisce tí ar an suíomh dramhuisce ó 500,000 teaghlach nach mór in Éirinn. Ar scála mór dobharcheantair, tá riosca i bhfad níos lú ann do chúrsaí uisce ó chórais tí ná mar atá ó scaradh uirbeach dramhuisce agus truailliú talmhaíochta idirleata. Ach mura ndéantar é a bhainistiú agus a chóireáil go cuí, d'fhéadfadh dramhuisce tí soláthairtí uisce phríobháidigh agus phoiblí, screamhuisce agus uisce dromchla a thruailliú, rud a dhéanann díobháil do shláinte daoine agus don timpeallacht.

Fuair Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa nár chloígh Éire leis an gceangal dlí a bhí i gCreat-Treoir Dramhaíola 1975 rialáil a dhéanamh ar an dramhuisce a chruthaítear inár gceantair gan séarach. Is freagra é an Plean Iniúchta Náisiúnta seo le haghaidh Córais Chóireála Dramhuisce Tí ar theip na hÉireann Treoir Dramhaíola 1975 a chur i bhfeidhm.

Ceapadh dlíthe amhail Creat-Treoir Uisce an AE mar gheall ar bhrú méadaithe ó thruailliú agus súil cheart an phobail le huisce glan. Bhunaigh an Treoir seo creat do chosaint na n-uiscí go léir, lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, inbhir, uiscí cósta agus uisce talún, in éineacht le fiadhúlra agus gnáthóga spleácha, agus an méid sin go léir faoi phíosa reachtaíochta timpeallachta amháin. Beidh an Plean Iniúchta Náisiúnta seo mar chuid den 'chlár beart' faoi Chreat-Treoir Uisce an AE chomh maith. Tá gá le hiarracht níos diongbháilte in Éirinn chun gach uisce a chosaint agus a fheabhsú ionas go mbeidh stádas 'maith' acu ar a laghad. Tá an plean iniúchta seo mar chuid amháin den iarracht seo chun ár n-uisce a fheabhsú agus a chosaint.

Braitheann rath an phlean seo ar roinnt eilimintí, lena n-áirítear gealltanais rialtais, údarás áitiúil agus pobail tuaithe go háirithe. Beidh gá le hacmhainní daonna agus airgeadais ar feadh blianta fada amach anseo. Beidh an infheistíocht seo in uisce atá glan, sláintiúil agus cosanta chun leas agus shláinte na ndaoine agus chun leas na feirmeoireachta, tionscail agus turasóireachta faoin tuath.



Laura Burke, Ard-Stiúrthóir

Loch Garman, Eanáir 2013

Tá uisce atá glan, sláintiúil agus cosanta go maith riachtanach chun pobail tuaithe inmharthana agus bheoga a chothú ar fud na hÉireann.

Clár an Ábhair

Buíochas.....	iii
Brollach.....	iv
Clár na nÁbhar	v
Caibidil 1 – Spreagadh le gníomhú maidir le dramhuisce tí	1
Caibidil 2 – Rioscaí do shláinte agus d'uisce ó dhramhuisce tí	3
Caibidil 3 – Ceantair atá faoi phriacal a aithint	6
Caibidil 4 – An straitéis taobh thiar den Phlean Iniúchta Náisiúnta.....	12
Caibidil 5 – Rannpháirtíocht na saoránach.....	15
Caibidil 6 – Iniúchadh	17
Caibidil 7 – An plean a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú	26
Tagairtí	29
Gluais.....	31
Aguisín A: Táblaí le haghaidh leithdháileadh iniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí	
Aguisín B: Sampla d'Fhógra Comhairleach	
Aguisín C:Reachtaíocht	

Caibidil 1 – Spreagadh le gníomhú maidir le dramhuisce tí

Uisce dea-stádais a bhaint amach

Leagann an Plean Iniúchta Náisiúnta seo le haghaidh Córais Chóireála Dramhuisce Tí (CCDT) amach cuid de na gníomhartha atá á ndéanamh le freagra a thabhairt ar an mbreithiúnas (C-188/08) in aghaidh na hÉireann faoin gCreat-Treoir Dramhaíola 1975/442/EC ar rialáil dramhuisce tí. Chomh maith leis sin, beidh sé mar chuid de na gníomhartha a dhéanfaidh Éire chun uisce agus an timpeallacht a chosaint ar scaoileadh dramhuisce tí agus beidh sé mar chuid de chlár beart na hÉireann faoin gCreat-Treoir Uisce.

Is é is aidhm don Chreat-Treoir Uisce (CTU) (Treoir 2000/60/EC) ná cáilíocht uisce a fheabhsú ar fud an Aontais Eorpaigh. Is é cuspóir na Treorach ná uiscí a fheabhsú go dea-stádas agus uiscí stádais mhaith agus ardstádais atá ann cheana a chosaint. Baineann sí le haibhneacha, lochanna, uisce talún, uiscí inbhir agus cósta. Tá thart ar 160,000 (PS, 2012) tobar agus fuarán uisce ólacháin in Éirinn agus tá rithábacht leis na foinsí seo a chosaint ó thruailliú dramhuisce tí.

Ról na gcóras cóireála dramhuisce tí

Tá thart ar aon trian de gach teach (500,000 teaghlach) in Éirinn ag brath ar 'chóras aonair cóireála dramhuisce tí' chun a ndramhuisce tí a bhailiú, a chóireáil agus a scaoileadh. Is gnách go mbíonn na córais seo suite ar nó in aice leis an maoin agus go gcuimsíonn siad córais amhail umair múnlaigh, ionaid ghníomhacha phacáistithe, aonaid chóireála treasaí agus scardadh gaolmhar nó ceantair insíothlaithe. Is modhanna costéifeachtacha iad na córais seo, nuair a dheartar agus a oibrítear i gceart iad, chun sláinte an phobail agus cáilíocht uisce a chosaint i bpobail ísealdlúis (USEPA, 2002). Is gnách gur áiteanna cónaithe faoin tuath iad na tithe ina bhfuil na córais seo, agus iad suite i gceantair gan séarach bardasach ná ionad cóireála. Ach tá teaghlaigh i gceantair uirbeacha agus fho-bhailteacha chomh maith a bhraitheann ar dhabhcha séarachais chun a ndramhuisce a chóireáil.

Dearhtar córais chóireála chun daoine a chosaint ar theagmháil le dramhuisce; dramhuisce a chóireáil chun éilliú ithreacha, lochanna, aibhneacha agus screamhuisce a íoslaghdú; ainmhithe, feithidí agus míolra a choinneáil amach ó theagmháil le dramhuisce; agus cruthú bolaithe bréana a íoslaghdú. Is é an chóireáil is coitianta ná socrú ábhar soladach agus insíothlú ithreach ina dhiaidh sin. Bailíonn ábhar soladach san umar síothlaithe agus baintear é go tréimhsiúil le haghaidh aisghabháil nó diúscairt in áit eile.

Nuair nach mbíonn CCDTanna suite, deartha, suiteáilte, oibrithe agus bainistithe i gceart, is bagairt iad do shláinte daoine, trí éilliú féideartha tobair uisce ólacháin nó ó linnte eisiltigh i ngairdíní (Grianghraf A), rud a nochtann daoine agus peataí do dhramhuisce gan chóireáil (Grianghraf B). Is é ceann de na dúshláin is mó do theaghlaigh atá ag brath ar na córais seo ná síothlú neamhleor eisiltigh ón gcóras cóireála.

Grianghraf A: Eascairt fásra a thugann le fios go bhfuil eisilteach ó chóras cóireála dramhuisce tí ag cruthú linne sa ghairdín seo



Grianghraf B: Madra ag ól ó phíob nochta dailte dramhuisce



Figiúr 1: Samplaí de phriacail sláinte ó chórais chóireála dramhuisce tí

Chomh maith leis an mbagairt ar shláinte daoine, is riosca iad CCDTanna lochtacha chomh maith dár gcúrsaí uisce agus d'fhéadfaidís dul i bhfeidhm ar iascach, uiscí snámha agus taitneamhachtaí eile. Ar mhaithe lena leithéid de rioscaí a laghdú, is gá go ndéantar cóireáil imleor ar an eisilteach seo sula scaoiltear amach é go sábháilte trí shíothlú.

Caibidil 2 – Rioscaí do shláinte agus d'uisce ó dhramhuisce tí Bíonn sé mar thoradh ar scardadh ó chórais chóireála dramhuisce tí go mbíonn riosca níos mó in áiteanna a bhfuil an síothlú neamhleor, agus in áiteanna a bhfuil leochaileacht an screamhuisce go hard. Tá modheolaíocht mheasúnaithe riosca cruthaithe ag an GCC le sonraí ar **dhlús córas**, **maolú** agus **insíothlú**, chun **críosanna riosca** a chruthú ar fud na tíre go léir. Úsáideadh é seo i gcomhar le suí **gabhdóirí leochaileacha** chun iniúchtaí a leithdháileadh, agus iad bunaithe ar rioscaí agus leochaileacht. Déanann an chaibidil seo cur síos ar an gcúlra chun na huiscí atá i mbaol ó scaoileadh córas cóireála dramhuisce tí a aithint.

Eisilteach dramhuisce

Glacann córais chóireála dramhuisce tí le dramhuisce ó leithris, ceathanna, doirtíl, báisíní nite lámh, meaisíní níocháin agus miasniteoirí. Dá mhéad daonra na háite cónaithe, is ea is mó an méid dramhuisce a chruthaítear. Ar mhaithe le cuspóir an phlean seo, déantar talamh slán de go bhfuil ualú laethúil hiodrálach 150 lítear i CCDT do gach uile dhuine agus go bhfuil gnátháitíocht teaghlaigh 2.8 duine ann. Go náisiúnta, is ionann seo agus scardadh leachta 210,000 m³ in aghaidh an lae nó 46 milliún galún (méid arb ionann é agus 84 linn snámha Oilimpeach). Tá roinnt truailléan éagsúil i ndramhuisce tí, agus d'fhéadfaidís go léir fadhbanna a chruthú don tsláinte agus don timpeallacht.

Beidh cáilíochtaí éagsúla dramhuisce tí i gceist de réir nádúr an chórais; méid an dramhuisce atá á chruthú; dearadh an chórais; líon na ndaoine sa teach; na ceimiceáin (m.h. glantaigh) a bhíonn á n-úsáid; nádúr na ngníomhaíochtaí tí a bhíonn ar siúl sa teaghlach. Tá gnáthréimsí na bpríomhthruailléan a d'aimsigh Ó Súilleabháin (2004) agus Gill *et al.* (2005) ar taispeáint ar Thábla 1.

Tábla 1: Gnáththiúchan truailléan ó CCDTanna (Ó Súilleabháin, 2004 agus Gill *et al.*, 2005)

Truailléan	Gnáthdhabhach Shéireachais	Umar Thánaisteach Chóireála
Bachailíní Drólannacha Faecacha > 1 mhilliún/100ml		> 5-10,000/100ml
Nítrigin (mg/l N)	30-80	20-35
Fosfar (mg/l P)	5-20	1-5
ÉBO (mg/l)	150-500	20-50

Pataiginí miocróbacha

Tá dramhaíl dhaonna i ndramhuisce tí agus d'fhéadfadh baictéir, víris agus/nó seadáin is cúis le galair a bheith sa scardadh ón CCDT agus iad ag eascairt ón daonra a úsáideann an córas. Is é an príomhthhinneas a aithnítear a bheith ag baint le nochtadh do dhramhuisce tí nach bhfuil cóireáilte go himleor ná géarthinneas gastraistéigeach is cúis le fiabhras, masmas agus buinneach (MacIer agus Merkle, 2000). Ní mhaireann an chuid is mó cásanna i bhfad, ach bíonn daoine leochaileacha amhail naíonáin, mná atá ag iompar clainne, seanóirí nó daoine a bhí i riochtaí sláinte áirithe cheana faoi riosca mór iarmhairtí tromchúiseacha sláinte má nochtar iad do na pataiginí seo. Nuair a bhíonn uisce á thástáil, is gnách pataiginí miocróbacha a úsáid mar tháscaire ar éilliú le dramhaíl dhaonna nó ainmhithe.

Is bagairt iad pataiginí miocróbacha a eascraíonn ó CCDTanna i dtrí chás:

- I gcás go bhfuil an síothlú isteach sa talamh neamhleor agus go dtarlaíonn linnte agus/nó scardadh díreach isteach i ndíoga agus srutháin, agus seans ann go dtarlódh teagmháil dhíreach pataiginí le páistí agus ainmnithe clóis go háirithe.
- I gcás go bhfuil an limistéar síothlaithe (nó an sloc súite) i gcrios dailte tobar nó fuarán soláthair uisce agus nach ndearnadh cóireáil imleor ar an eisilteach san fho-ithir agus/nó buncharraig, rud a bhfuil sé mar thoradh air go bhfuil pataiginí ag sroicheadh fhoinsí an uisce ólacháin.
- I gcás go bhfuil an suíomh oiriúnach do CCDT, ach nár dearadh agus/nó suiteáladh agus/nó cothabháladh an córas i gceart.

Is gnách go bhfuil thart ar 1 mhilliún baictéir *E. coli* in aon lítear eisiltigh amháin ó umar múnlaigh atá ag freastal ar ghnáththeaghlach. Is é an caighdeán uisce ólacháin maidir le *E. coli* agus baictéir dhrólannacha ná náid.

Is fhadhb mhór iad miocróib is cúis le galair ag scéimeanna príobháideacha atá ag brath ar screamhuisce mar uisce ólacháin. Is minic go mbíonn cosaint lag barr tobair ag cuid mhaith de na tobair seo agus gan mhórán de chosaint do bharcheantar foinse acu, agus is minic nach bhfuil cineál ar bith de chóireáil déanta iontu chun cosc a chur le pataiginí miocróbacha a bheith á n-ól ag daoine.

Fosfar

Foinsí tí fosfair atá ann ná dramhaíl dhaonna, glantaigh níocháin agus táirgí glantacháin. Is é fosfar an príomhchothaitheach a chuireann teorainn le fás macraplanctóin agus fíteaplanctóin in aibhneacha agus lochanna fionnuisce agus is é an phríomhchúis le heotrófú in aibhneacha agus lochanna in Éirinn. Spreagann fosfar breise fás algach os cionn na leibhéil nádúrtha. Ídionn an fás seo an ocsaigin thuaslagtha san uisce, rud a chruthaíonn blás algach i lochanna agus marú iasc sna haibhneacha. Is minic a úsáidtear fosfar molabdáit-imoibríoch (FMI) mar thomhas ar an bhfosfar atá ar fáil go bitheolaíoch in uisce. Is é FMI an phríomhfhóirm de thruailléan fosfair a bhíonn ann mar gheall ar scardadh ó CCDT.

Nítrigin

Foinse tí nítrigine atá ann ná dramhaíl dhaonna, ullmhú bia, níocháin sláinteachais, táirgí glantacháin agus foinsí níocháin ar bhonn is lú. De réir mar a shíothlaíonn an dramhuisce tríd an bhfo-ithir, athraíonn sé go hamóinia ar dtús agus go níotráit ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag amóinia ar bheathra uisceach fionnuisce. Tá níotráit thar a bheith soghluaiste sa talamh agus d'fhéadfadh sé dul isteach sa screamhuisce go héasca dá bharr, agus isteach san uisce ólacháin, má tá tobar in aice láimhe. D'fhéadfadh riocht sláinte áirithe teacht chun cinn i measc páistí óga darb ainm meiteahaemaglóibínéime nó siondróm leanbán gorm, trí uisce ina bhfuil cuid mhaith níotráite a ól. Chomh maith leis sin, is féidir le níotráit i screamhuisce dul i bhfeidhm ar éiceachórais uisceacha, go háirithe in uiscí inbhearacha agus cósta.

Sloda dramhuisce

Socraíonn ábhar soladach agus bailíonn sé taobh istigh de na humair síothlaithe CCDT. Tá cuid mhaith pataiginí agus cothaitheach sa sloda ó CCDT agus tá ríthábhacht lena bhainistiú le cinntiú nach mbeidh an sloda ina riosc do shláinte daoine ná don timpeallacht mar sin. Féachtar ar shloda dramhuisce tí mar dhramhaíl agus tá a aisghabháil nó a dhiúscairt faoi rialú dá bharr. Ní mór do shloda a bheith bainte den umar go tráthrialta (beidh an mhinicíocht ag brath ar mhéid agus úsáid an chórais) ag bailitheoir ceadaithe dramhaíola. Tá eolas ar fáil d'úinéirí tí ag www.epa.ie. Tá liosta de bhailitheoirí ceadaithe dramhaíola ar fáil ag www.nwcpc.ie.


Caibidil 3 – Ceantair atá faoi phriacal a aithint

Ceantair a rangú de réir priacail

Tá **modh a dearadh go speisialta chun ceantair a rangú de réir riosca** dramhuisce do shláinte daoine agus don timpeallacht ar fud na suíomhanna hiodrálacha agus geolaíocha in Éirinn, tá sé forbartha ag an GCC i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíoch na hÉireann agus saineolaithe seachtracha eile. Bhí an mhodheolaíocht seo athbhreithnithe ag piaraí go hidirnáisiúnta agus tá na sonraí iomlána ar fáil i dtuarascáil an GCC darb ainm ‘Modheolaíocht atá Bunaithe ar Rioscaí le Cabhrú le Rialáil Córais Chóireála Dramhuisce Tí’ (2013) (ar fáil ar www.epa.ie).


Úsáideann an modh measúnaithe riosca an tsamhail foinse-conaire-gabhdóra (F-C-G), rud atá á úsáid faoi láthair le haghaidh scéimeanna cosanta screamhuisce in Éirinn. Tá an tsamhail F-C-G bunaithe ar an gcoincheap gur gá go mbeadh **foinse** truaillithe fhéideartha ann (m.sh. scardadh ó CCDT), **gabhdóir** a bhféadfadh an truailliú sin dul i bhfeidhm air (m.sh. daoine nó an timpeallacht), agus **conair** trínar féidir leis an truailliú dul ón bhfoinse go dtí an gabhdóir (m.sh. trí bhuncharraig nó ithreacha) sular féidir le riosca a bheith ann.

Léiríonn Fígiúr 2 agus 3 cén chaoi a bhfuil foinse (scardadh ó CCDT) nasctha le gabhdóirí (tobar astarraingthe, abhainn agus uiscíoch a úsáidtear le haghaidh uisce ólacháin) trí chonairí éagsúla. I bhFígiúr 2, bogann an t-uisce sceite trí fho-ithir thanaí agus scoilteanna carraige chun tobar astarraingthe a shroicheadh, áit ar féidir leis uisce ólacháin a éilliú.



Fígiúr 2: Samhail F-C-G le haghaidh córas cóireála dramhuisce tí ina bhfuil conairí fodhromchla (fo-ithir thréscailteach)

I bhFigiúr 3, cuireann fo-ithir thiubh cosc le bogadh an scardtha dramhuisce trí bhealach faoi thalamh, ach má tá thréscailteacht na fo-ithreach ró-íseal, ní féidir le síothlú imleor tarlú agus is maith an seans go bhfásfaidh linnte scardtha an CCDT ar an dromchla, rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt do shláinte daoine. Ina leithéid de chás, is féidir le heisilteach bogadh le fána chomh maith sa bharrithir atá níos scagaí agus dul isteach sa tobar síos taobh amuigh chásáil an tobair mura bhfuil sé suiteáilte i gceart.




Figiúr 3: Samhail F-C-G le haghaidh córas cóireála dramhuisce tí ina bhfuil conairí dromchla (fo-ithir neamh-thréscailteach)

Tá riosca áirithe ag baint le gach CCDT go rachaidh sé i bhfeidhm ar cháilíocht uisce agus gabhdóirí. I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh an riosca a bheith go híseal nó is féidir é a bhainistiú má tá na córais suite, deartha agus bainistithe go maith. I gcásanna eile, d'fhéadfadh an t-uisce sceite a bheith ina bhagairt mhór ar shláinte daoine, cáilíocht screamhuisce nó uisce dromchla agus gabhdóirí gaolmhara. Bíonn an measúnú riosca bunaithe ar an eolas seo a leanas:

- **Tréithriú foinse:** Cé chomh suntasach is atá an scardadh ón CCDT - méid an dramhuisce, na truailléin buartha (FMI, níotráit, pataiginí), nádúr agus staid an chórais, líon na gcóras sa cheantar;
- **Anailís conairí:** Cén chaoi agus cá háit a mbíonn na truailléin ag sruthú, an oiread maolaithe ar na truailléin a bhfuiltear ag súil leis, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil nasc hidrigeolaíoch nó hidrálach ann a d'fhéadfadh foinse truailléan a chur ar fáil go dtí gabhdóir in aice láimhe;
- **Gabhdóirí a aithint:** Cé na daoine nó cén rud a bhféadfadh tionchar a bheith imeartha orthu, agus na caighdeáin cháilíochta timpeallachta chuí á gcur san áireamh.

Úsáideadh an mhodheolaíocht mheasúnaithe riosca chun an riosca féideartha a bhaineann le CCDTanna ar fud na hÉireann a chinneadh. Is é an toradh atá ann, agus é ar taispeáint ar Léarscáil 1, ná go bhfuil gach 1 km² den tír sannta le haghaidh catagóir riosca, rud a chomhfhreagraíonn don dóchúlacht go mbeadh riosca ag baint le CCDTanna sa cheantar do shláinte daoine nó don timpeallacht. Is iad na catagóirí atá ann ná íseal, measartha, ard agus an-ard.

Léarscáil 1: Léarscáil Rangaithe Rioscaí



Tugann torthaí an mheasúnaithe riosca le fios go bhfuil;

- Tá an riosca do shláinte daoine ó phaitiginí i ndramhuisce tí i bhfad níos airde i gceantair ina bhfuil **ard-dlús** CCDTanna agus síothlú neamhleor; agus i gceantair leochaileacha ina bhfuil tobair phríobháideacha.
- Is é fosfar an príomhthruailléan atá ina bhagairt ar an timpeallacht, go háirithe ar uisce dromchla, bíodh sé sa chás go bhfuil **síothlú neamhleor** i gceist nó go bhfuil **maolú neamhleor** déanta sula dtéann an dramhuisce isteach sna huiscígh bhuncharraige. Cé go mbeidh an t-ualach carnach truailleán a bhaineann le CCFTanna go beag i gcomparáid le córais chóireála dramhuisce uirbeacha agus talmhaíochta ar scála abhantraí, d'fhéadfadh sé a bheith suntasach i suíomhanna fisiceacha áirithe ar scála beag do bharcheantair.
- Tá bagairt na nítrigine ó CCDTanna go híseal ar scála do bharcheantair agus ar scála an mheasúnaithe seo mar gheall ar chaolú; ach i gcásanna eisceachtúla, ar scála suímh, (roinnt heicteár), d'fhéadfadh **ard-dlús** CCDTanna a bheith mar chúis le cleitíní áitiúla agus tiúchan méadaithe níotráite sa screamhuisce.

Ceantair Shainspéise

Tá gabhdóirí áirithe atá níos leochailí do na truailleáin atá i scardadh ó CCDT ná mar atá i gceantair eile. Tá suíomh na ngabhdóirí leochaileacha seo ar taispeáint ar Léarscáil 2.

Soláthairtí Uisce Ólacháin Screamhuisce

D'fhéadfadh CCDTanna a bheith ina riosca do cháilíocht soláthar uisce olacháin ó screamhuisce. Má dhéanann an scardadh uisce ó CCDT teagmháil le corp screamhuisce a úsáidtear le haghaidh astarraingt uisce olacháin, tá riosca ann go mbeidh daoine nochta do phataiginí atá sa scardadh agus go mbeidh riosca ann do shláinte daoine dá bharr. Baineann sé seo le tobair aonair agus le scéimeanna astarraingte atá níos mó araon, bídis príobháideach nó á mbainistiú ag Údarás Seirbhísí Uisce.

Uiscí Snámha

D'fhéadfadh CCDTanna a bheith ina riosca do cháilíocht uisce a úsáidtear mar uisce snámha. Má théann an scardadh ó CCDT isteach in uisce a úsáidtear mar uisce snámha, tá baol ann go nochtfar daoine do phataiginí atá sa scardadh agus go mbeidh riosca do shláinte daoine i gceist dá bharr. Tá freagracht ar údarais áitiúla bearta a dhéanamh nuair a theipeann ar shuíomh uisce snámha cloí le caighdeán uisce snámha CE (mar atá leagtha amach sna *Rialacháin ar Cháilíocht Uisce Snámha, 2008* (I.R. Uimh. 79 de 2008)). Tá ceangal sna Rialacháin chomh maith go n-aicmeofar stádas cáilíochta uisce a bheith ag gach uisce snámha aithinte nach lú ná 'dóthanach' (agus é bunaithe ar chaighdeán mhicribhitheolaíochta) faoi Mheán Fómhair 2015.

Suíomhanna Ardstádais


Tá leibhéil shuntasacha cothaitheach i scardadh ó CCDTanna, rud a d'fhéadfadh eotrófú a thosú, chomh maith le laghdú ar cháilíocht uisce na n-aibhneacha. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige seo ar éagsúlacht na speiceas san abhainn, go háirithe na speicis sin atá leochaileach do shaibhriú cothaitheach. Tá suíomhanna ardstádais ríthábhachtach le tacú le marthanais a leithéid de speicis, lena n-áirítear bradáin óga (*Salmo salar*) agus an diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera margaritifera*).

Is táscaire é ardcháilíocht éiceolaíoch ar dhálaí ar beag an cur isteach atá déanta orthu agus ar beag an tionchar a bhí ag gníomhaíocht daoine orthu. Cuireann an Chreat-Treoir Uisce ceangal ar Bhallstáit dobharlaigh ardstádais agus dea-stádais a chosaint agus a chothabháil.

Diúilicín Péarla Fionnuisce

Tá na pleananna fo-abhantraí agus cuspóirí timpeallachta a bunaíodh faoi *Rialacháin Chuspóirí Timpeallachta na gComhphobal Eorpach (An Diúilicín Péarla Fionnuisce)*, I.R. 296 de 2009 le haghaidh na ndaonraí diúilicíní péarla sin a ainmníodh faoin Treoir Gnáthóg, tá siad mar chuid de chlár beart abhantraí na Creat-Treorach Uisce. Tá siad mar chuid de na bearta bunúsacha agus ní mór na cuspóirí le haghaidh na gceantar cosanta seo a bhaint amach faoi 2015.

Léarscáil 2: Ceantair Shainspéise



Caibidil 4 – An straitéis taobh thiar den Phlean Iniúchta Náisiúnta

An Cleachtas Idirnáisiúnta

Táthar tar éis cur le forbairt an Phlean Iniúchta Náisiúnta leis an gcleachtas idirnáisiúnta maidir le rialú agus léiríonn sé go háirithe:

- *Moladh an AE ar chritéir íosta le haghaidh iniúchtaí timpeallachta (2001/331/EC) (RMCEI);*
- measúnú riosca (samhail F-C-G); agus
- prionsabail na Rialála Níos Fearr – díriú ar iniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí agus torthaí a bhaint amach, amhail dea-stádas uisce agus cosaint sláinte daoine.

Cuimsíonn an plean seo réimse straitéisí, lena n-


- áirítear: (1) Iniúchadh atá bunaithe ar rioscaí;
(2) Seach-iniúchadh atá bunaithe ar mhonatóireacht chomhthimpeallach cáilíochta uisce;
(3) Straitéisí rannpháirtíochta agus dreasachta.

Forbhreathnú ar an bPlean Iniúchta Náisiúnta

Úsáideann an Plean Iniúchta Náisiúnta dhá phríomhshnáithe (Figiúr 4) chun cosaint shláinte an phobail agus na timpeallachta a bhaint amach. Trí mheicníochtaí na straitéisí rannpháirtíochta do shaoránaigh agus iniúchtaí ar CCDT, is é is aidhm don Phlean ná go gcinnteofaí na nithe seo a leanas:

- Cóireáil imleor dramhuisce tí i bhfeidhm;
- Córais chóireála á n-oibriú agus á gcothabháil go himleor;
- Go n-aithneofar rioscaí do shláinte an phobail agus don timpeallacht agus go mbainisteofar iad;
- Go músclofar feacht an phobail;
- Go mbeidh eolas ar fáil d'úinéirí córais chóireála dramhuisce tí maidir lena bhfreagrachtaí agus an chaoi lena gcórais a oibriú agus a chothabháil;
- Soláthraítear eolas i bhformáidí éagsúla is éasca a thuiscint, amhail bileoga, físeáin agus 'ceisteanna coitianta' atá bunaithe ar an Idirlíon;
- Úsáidtear dreasachtaí, amhail dóchúlacht iniúchta níos lú i gcás suíomhanna cláraithe.

Ar an iomlán, is é is aidhm dó ná athrú go cás ina bhfuil a fhios ag an gcuid is mó úinéirí tí a bhfuil córais chóireála dramhuisce tí ag baint leo céard is cóir a dhéanamh le cinntiú go ndéanfaidh siad a gcórais a oibriú agus a chothabháil go maith, agus go ngníomhóidh siad go deonach chun an méid seo a bhaint amach.



Figiúr 4: Blocann tógála an Phlean

Cén Rud a Bhíonn ar Siúl ag Cén Duine?

Beidh an Plean curtha i bhfeidhm ag na húdaráis Seirbhísí Uisce (ÚSUanna) faoi mhaoirseacht an GCC. Tosófar an Plean in 2013, le fócas tosaigh ar rannpháirtíocht na saoránach agus cuirfear tús leis na hiniúchtaí in Iúil 2013. Déanfaidh an GCC athbhreithniú ar an bPlean i rith 2014: cuimseoidh an t-athbhreithniú seo measúnú ar an eolas a bailíodh ó na hiniúchtaí agus an freagra a tugadh ar an bhfeachtas múscailte feasachta. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an GCC athbhreithniú ar an bPlean go rialta, gan tréimhse níos faide ná cúig bliana a bheith idir gach athbhreithniú a dhéantar.

Cuimsíonn ról an **GCC** i rialáil CCDTanna:

- Dréachtadh an Phlean Iniúchta Náisiúnta le haghaidh CCDTanna;
- Córas ceaptha cigirí agus bainistíochta iniúchtaí a fhorbairt;
- Treoracha a bheidh á n-úsáid ag ÚSUanna a fhorbairt;
- Rannpháirtíocht na saoránach a mhaoirsiú;
- Ceardlanna a sholáthar do ÚSUanna ar roghnú suíomhanna atá bunaithe ar rioscaí; agus
- Feidhmeanna timpeallachta na n-údarás áitiúil a mhaoirsiú.

Tá rólanna ag an GCC chomh maith i gcur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce; ionaid mhóra chóireála dramhuisce uirbeacha agus suíomhanna tionscail/dramhaíola a rialáil; agus a chinntiú go soláthraíonn ÚSUanna uisce ólacháin atá sábháilte, glan agus dea-chosanta.

Socraíonn **an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil** an polasaí agus straitéis náisiúnta uisce. Chomh maith leis sin, tá rólanna ar leith d'úinéirí CCDTanna agus freagrachtaí breise do ÚSUanna agsu dá gcigirí faoin *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012*, mar atá leagtha amach i dTábla 2.

Tábla 2: Rólanna agus Freagrachtaí faoin *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012*.

Úinéirí CCDTanna ÚSUanna, lena n-áirítear cigirí

Iarratas a sheoladh chuig ÚSU chun a gcóras a chlárú. Clár poiblí CCDTanna taobh istigh dá limistéir feidhme a bhunú agus a chothabháil

An táille chlárúcháin a íoc

Deimhniú cláraithe a eisiúint do na hiarratasóirí a dhéanann a gcórais a chlárú

Clárúchán a athnuachan gach cúig bliana

Na riachtanais iniúchta atá leagtha amach faoi Phlean Iniúchta Náisiúnta an GCC a chur i bhfeidhm

Deimhniú bailí cláraithe a chur ar fáil ar iarratas

Treoir ón ÚSU (nó GCC) do chigire iniúchadh a dhéanamh agus aird ar an bPlean Iniúchta Náisiúnta

A gcórais chóireála a chothabháil ionas nach mbeidh sé ina riosca do shláinte an phobail ná don timpeallacht

Rachaidh cigire isteach chun iniúchadh a dhéanamh ar CCDT, mar a bheidh ordaithe ag ÚSU (nó an GCC)

Cloí le Rialacháin bhainteacha (.i. 70L)

Déanfaidh cigire monatóireacht, sampláil, grianghraif, suirbhéireacht, tochailt srl.

A gcórais chóireála a fheabhsú de réir mar is cuí

Iarrfaidh an Cigire eolas maidir le cothabháil, seirbhísí agus oibriú an CCDT

Fianaise ar chlárú CCDT a chur ar fáil do cheannaitheoir áitribh ar chríochnú díolacháin

Cuirfidh cigire/ÚSU úinéirí áitribh ar an eolas faoi thorthaí an iniúchta


Caibidil 5 – Rannpháirtíocht na saoránach

Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta

Thionóil an GCC Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Chórais Chóireála agus Diúscartha Dramhuisce Tí i Meán Fómhair 2012 i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Phléigh an Siompóisiam roinnt téamaí, agus iad ag díriú ar na cleachtais idirnáisiúnta is fearr maidir le rialáil ar scardadh uisce ó chórais chóireála dramhuisce tí. Tugadh cuireadh do chainteoirí a bhfuil saineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta acu sa réimse seo teacht le bheith páirteach ann.

Bhuail an GCC le hionadaithe ó ghrúpaí tuaithe, feirmeoireachta agus timpeallachta chomh maith chun tráchtanna agus ionchur don Phlean a lorg. Lorgaíodh comhairliúchán poiblí ar dhoiciméad an GCC darb ainm 'Tograí do Phlean Iniúchta Náisiúnta le haghaidh Córais Chóireála Dramhuisce Tí' roimh fhoilsiú an Phlean.

Díreoidh an plean ar dtús ar straitéisí rannpháirtíochta (m.sh. Figiúr 5 thíos) a bheidh dírithe ar chomhairle agus oideachas a thabhairt don phobal, chomh maith le cuidiú leo. Déanfaidh an GCC maoirsiú ar chur i bhfeidhm na straitéise rannpháirtíochta do shaoránaigh ag na húdaráis Seirbhísí Uisce.



Figiúr 5: Fógra faisnéise poiblí an GCC

Creat Feasachta agus Oideachais

Is feachtas náisiúnta feasachta pobail é an chéad snáithe den Phlean Iniúchta, a bheidh ag iarraidh an cleachtas is fearr maidir le hoibriú agus cothabháil CCDT a chur chun cinn. Beidh an feachtas curtha i bhfeidhm ag ÚSU roimh thosú na n-iniúchtaí spriocdhírthe a bheidh bunaithe ar riosca agus d'fhéadfaí é a fhorbairt ar bhonn comhsheirbhísí. Cuirfear príomhtheachtaireachtaí in iúl trí shraith cainéal m.sh. ar an Idirlíon, físeáin, beochan (Figiúr 6), ceardlanna ar Cheisteanna Coitianta, cur i láthair, Teilifís (m.sh. Eco Eye), agallaimh ar raidió áitiúil srl.

Príomhtheachtaireachtaí an chreata

Acmhainn riachtanach is ea uisce glan agus ní féidir linn talamh slán a dhéanamh de a thuilleadh go mbeidh sé ann

Tá uisce glan riachtanach do do shláinte agus do leas féin agus sláinte agus leas do theaghlaigh

Cuireann cáilíocht ár n-uisce le fás eacnamaíoch - le honnmhairí bia, iascaigh agus turasóireacht

Tá ár n-acmhainn uisce ghlain faoi bhagairt

Ní mór dúinn go léir bearta a dhéanamh chun ár n-uisce a chosaint

Cuirfidh an feachtas seo úinéirí CCDTanna ar an eolas faoin ról a d'fhéadfadh a bheith acu chun a sláinte féin, sláinte a gcomharsana agus na timpeallachta a chosaint. Cuirfear úinéirí ar an eolas faoi na bearta simplí is féidir leo a dhéanamh chun a gcóras a oibriú agus a chothabháil go cuí, chomh maith le feasacht a mhúscailt faoi na himpleachtaí sláinte a bhíonn i gceist nuair nach mbíonn CCDT ag obair i gceart. Ba chóir don fheachtas a chinntiú go gcuirfear comhairle údarásach agus inrochtana ar fáil dóibh siúd atá freagrach as CCDTanna, ionas gur féidir leo a sláinte féin agus sláinte a dteaghlaigh, a gcomharsana agus na timpeallachta a chosaint.



Figiúr 6: Gabháil scáileáin den bheochan CCDT ar shuíomh gréasáin an GCC.

Caibidil 6 – Iniúchadh

Gníomhaíochtaí iniúchta

Cuimsíonn an dara snáithe den phlean iniúchtaí a bheidh bunaithe ar rioscaí a dhéanamh, in éineacht le monatóireacht a dhéanamh (i.e. seach-iniúchtaí) ar cháilíocht uisce, mar atá leagtha amach i bpleananna áitiúla forfheidhmithe agus sna pleananna bainistíochta abhantraí. Aithneoidh na hiniúchtaí CCDTanna a bhfuil fadhbanna ag baint leo agus cuirfidh siad tús le bearta chun an riosca sláinte agus truaillithe a dhíchur. Déanfar níos mó iniúchtaí i gceantair ardriosca i gcomparáid le ceantair riosca ísil, agus díreofar ar shuíomhanna nach bhfuil cláraithe ar dtús. I gcás go bhfuil gabhdóir leochaileach ann, tá dhá oiread an seans ann go ndéanfaí iniúchadh ar CCDT is a dhéanfaí i gceantair gan gabhdóir leochaileach. Is é cuspóir na n-iniúchtaí ná laghdú a dhéanamh ar an riosca atá i gceist do shláinte an phobail agus feabhsuithe a dhéanamh ar cháilíocht an uisce.

Úsáidtear an mhodheolaíocht atá bunaithe ar rioscaí agus a pléadh cheana mar bhonn le roghnú suíomhanna le haghaidh iniúchtaí a bheidh bunaithe ar rioscaí. Díríonn an mhodheolaíocht aird ar na ceantair den tír atá faoi riosca agus míníonn sé cén fáth a bhfuil gabhdóirí áirithe níos leochail ná cinn eile agus cén fáth a dtugtar tosaíocht níos mó dóibh ó thaobh iniúchadh de dá bharr.

Cuimsíonn seach-iniúchtaí úsáid uirlisí monatóireachta nó eile amhail CFG, le cur le iniúchtaí suímh ar leith. Mar chuid den Chreat-Treoir Uisce, déanann an GCC agus údarais áitiúla cuid mhaith samplála ar uisce dromchla agus screamhuisce. D'fhéadfadh tomhas ar sheachthorthaí, amhail cáilíocht uisce le sruth mar tháscaire tionchair CCDTanna, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach i gcinneadh feidhmíochta. díriú ar iniúchtaí CCDT amach anseo; nó gníomhartha feabhsúcháin láithreacha a thionscnamh gan gá a bheith le hiniúchadh suímh.

Tá cur síos ar chineálacha eile iniúchta i dTábla 3.

Tábla 3: Cineálacha eile d'iniúchadh CCDT

Sonraí Chineál an Iniúchta	
Iniúchadh ar chlárú	Beidh úinéirí CCDTanna a dteipeann orthu clárú taobh istigh den tréimhse ama shainithe, beidh siad mar thosaíocht forfheidhmithe níos mó agus is mó an seans go ndéanfar iniúchadh orthu.
Athiniúchadh.	Tar éis don iniúchadh tosaigh a bheith déanta ar CCDT, tá cead ag úinéir athiniúchadh a iarraidh tar éis dó/di Fógra Comhairleach a fháil. Socraíonn an t-údarás ÚSU an t-athiniúchadh agus déantar an Fógra Comhairleach a dheimhniú, a athrú nó a chur ar ceal.
Iniúchadh fíoraithe.	Tá cead ag ÚSU iniúchadh fíoraithe a dhéanamh le fíorú go bhfuil oibreacha feabhsúcháin críochnaithe roimh dhúnadh Fógra Chomhairligh. Déanfar na hiniúchtaí seo a thaifeadadh mar chuid den Plean.

Iniúchadh frithghníomhach. Go dtí seo, tá iniúchadh frithghníomhach déanta ag ÚSUanna i gcásanna áirithe nuair a bhí gearáin, teagmhais nó timpistí á bhfiosrú, i gcásanna go bhféadfadh oibriú CCDTanna tionchar a imirt ar shláinte daoine nó ar an timpeallacht. Déantar na hiniúchtaí seo faoi na *hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977-1990*. Déantar déileáil le gearáin maidir le CCDTanna faoin nós imeachta náisiúnta gearán maidir leis an timpeallacht.

Iniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí a leithdháileadh

Bhí an riosca féideartha a bhain le CCDTanna ar fud na hÉireann ar taispeáint ar Léarscáil 1, áit a bhfuil gach sciar 1 km² den tír sannta i gcatagóir riosca, rud a chomhfhreagraíonn don dóchúlacht go mbeidh riosca ag baint le CCDTanna sa cheantar sin do shláinte daoine nó na timpeallachta. Is iad na catagóirí riosca atá ann ná íseal, measartha, ard agus an-ard. Tá gabhdóirí leochaileacha breise a mheastar a bheith faoi riosca féideartha ó scardadh CCFT ar taispeáint ar Léarscáil 2. Tá ocht gcrios riosca ann má dhéantar an dá léarscáil a fhorleagan, agus iad bunaithe ar na ceithre chatagóir rangaithe rioscaí a tógadh ón Measúnú Riosca, rudaí atá foroinnte ansin bunaithe ar láithreachta nó easnamh dobharcheantair gabhdóirí leochaileacha. Tá na hocht gcrios seo léirithe ar Thábla 4 agus Léarscáil 3.


Tábla 4: Roinnt na gcatagóirí riosca

Catagóir Rangaithe Rioscaí	Criosanna Riosca	
	Taobh amuigh de dhobharcheantar na	Taobh istigh de dhobharcheantar na ngabhdóirí
Íseal - Crios 1	Crios 1A	Crios 1B
Measartha – Crios 2	Crios 2A	Crios 2B
Ard - Crios 3	Crios 3A	Crios 3B
An-Ard - Crios 4	Crios 4A	Crios 4B

Is féidir na hocht gcrios seo a úsáid anois chun leithdháileadh cuí iniúchta ó CCDTanna a chinneadh, ar bhonn an riosca do shláinte daoine agus don timpeallacht, .i. déanfar tuilleadh cigeachta sa chás go bhfuil riosca níos mó ann agus níos lú di má tá riosca níos ísle i gceist. Ar mhaithe leis seo a léiriú, roghnaítear ualú le haghaidh gach catagóir riosca, .i. íseal 5%; measartha 15%; ard 30%; an-ard 50%; Ciallaíonn sé seo go ndéanfaí 5% de na hiniúchtaí i gceantair riosca ísil (Crios 1), 15% acu sna ceantair riosca mheasartha (Crios 2), 30% sna ceantair ardriosca (Crios 3) agus 50% sna ceantair ina bhfuil riosca an-ard (Crios 4), má tá achar an chontae roinnte go cothrom idir na ceithre chatagóir riosca. Taobh istigh de dhobharcheantair na ngabhdóirí leochaileacha (Criosanna 1B, 2B, 3B, 4B) cuirtear ualú breise i bhfeidhm chun ráta na n-iniúchtaí sna ceantair sin a dhúbailt i gcomparáid leis na ceantair máguaird. Cumasaíonn an t-ualú cur chuige aonfhoirmeach ar fud na tíre maidir le leithdháileadh iniúchta agus tá siad i gcomhréir leis an bhfealsúnacht atá bunaithe ar rioscaí atá á leanúint.

Go praiticiúil, beidh achar an chontae dailte go héagothrom i measc roinnt áirithe catagóirí riosca éagsúla nó iad go léir. Léiríonn Tábla A.1 in Aguisín A na ceantair i ngach catagóir maidir le gach contae. Nuair a chuirtear na fachtóirí bainteacha ualaithe i bhfeidhm i ngach aon chatagóir riosca, cuirtear an riosca san áireamh agus tugtar dáileadh do chontae na n-iniúchtaí atá le bheith déanta sna ceantair atá cuimsithe faoi gach catagóir riosca. Léiríonn Tábla A.2 in Aguisín A an dáileadh seo, agus é bunaithe ar leithdháileadh náisiúnta 1,000 iniúchadh.

Léarscáil 3: Léarscáil rangaithe rioscaí in éineacht le Léarscáil Ceantair Shainspéise ar a bhfuil ocht gcrios riosca



Líon na n-iniúchtaí

Tosófar iniúchtaí a bheidh bunaithe ar rioscaí ó Iúil 2013, agus beidh siad déanta ag cigirí cláraithe agus oilte. Tá sé mar riachtanas sa phlean go mbeidh íosmhéid 1,000 iniúchadh déanta ag ÚSUanna i rith tréimhse 12 mhí, agus iad ag tosú in Iúil 2013. Tar éis d'athbhreithniú a bheith déanta ar an bplean in 2014, táthar ag súil leis go n-athrófar an líon íosta seo. Déanfaidh an GCC athbhreithniú ar rath an Phlean go tráthrialta taobh istigh de thréimhsí nach mó ná 5 bliana agus athrófar líon na n-iniúchtaí dá réir le cinntiú go mbainfear amach na torthaí inmhianaithe timpeallachta.

In éineacht le hiniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí, déanfaidh ÚSUanna iniúchadh ar CCDTanna, agus iad bunaithe ar thosaíochtaí áitiúla a thagann chun cinn mar gheall ar theagmhais; eolas ar cháilíocht uisce; CTU; Dea-Chleachtas Talmhaíochta; cosaint dobharcheantair; cosaint uisce; gnáthiniúchtaí eile, chomh maith le seach-iniúchtaí de réir mar is cuí. Agus aird ar iliomad na gcineálacha iniúchta atá ann, ba chóir don ÚSU cuimhneamh go bhféadfadh iniúchadh amháin cuspóirí éagsúla cáilíochta timpeallachta a chomhlíonadh, m.sh. tionchar CCDT ar dhobharcheantair diúilicíní pEARLA fionnuisce agus ar dhobharcheantair aibhneacha ardstádais. Táthar ag súil leis go gcuirfidh na n-iniúchtaí seo go mór le líon foriomlán na n-iniúchtaí a bhaineann le tionchar CCDTanna.

Tábla 5: Leithdháileadh íosta náisiúnta na n-iniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí ar chórais dramhuisce tí in aghaidh an chontae in 2013/2014

Contae	Líon íosta iniúchtaí
Ceatharlach	12
An Cabhán	48
An Clár	55
Corcaigh	99
Dún na nGall	80
Baile Átha Cliath	15
Gaillimh	98
Ciarraí	57
Kildare	25
Cill Chainnigh	31
Laois	26
Liatroim	29
Luimneach	50
An Longfort	17
Lú	18
Maigh Eo	47
An Mhí	40
Muineachán	33
Uíbh Fhailí	16
Ros Comáin	33
Sligeach	26
Tiobraid Árann	39
Port Láirge	16
An Iarmhí	14
Loch Garman	53
Cill Mhantáin	25

Comparáid idir chontaetha


Tá éagsúlacht ollmhór i gceist i ndáileadh na gcatagóirí riosca go náisiúnta agus sna contaetha. Ní gá go mbeadh líon na n-iniúchtaí a dhéanfaí i ngach aon chontae i gcomhréir dhíreach le méid an chontae sin. Beidh gá le níos mó iniúchtaí i gcontae ina bhfuil síothlú lag, ardleochaileacht screamhuisce agus ard-dlús CCDTanna, ná mar is gá a dhéanamh i gcontae atá ar cóimhéid leis, ach a bhfuil síothlú maith, leochaileacht íseal screamhuisce agus dlús íseal CCDTanna ann.

Tá comparáid ar taispeáint anseo idir Contaetha an Chabháin agus Phort Láirge chun leithdháileadh iniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí a léiriú. Tá an dá chontae seo thart ar an méid chéanna, ach bhí trí oiread na n-iniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí leithdháilte ar an gCabhán ná mar a bhí leithdháilte ar Phort Láirge.


Léiríonn Léarscáileanna 4 agus 5 thíos an Léarscáil rangaithe rioscaí in éineacht le Léarscáil Ceantair Sainspéise' le haghaidh Chontaetha an Chabháin agus Phort Láirge. Tá 36 oiread an achair i ndobharcheantair gabhdóirí leochaileacha i bPort Láirge is atá sa Chabhán, mar sin bheifí ag súil leis go leithdháilfí níos mó iniúchtaí do Phort Láirge. Ach tá an chuid is mó den cheantar seo (89%) sa chatagóir riosca ísil. Tá sé oiread an achair talún sa Chabhán atá i gcatagóirí riosca aird agus riosca an-ard ná mar atá i bPort Láirge.

Léiríonn an chomparáid gurb é an fachtóir mór a chinneann líon na n-iniúchtaí ná achar an chontae atá i gcatagóirí ardriosca agus riosca an-ard. Tá an fócas is mó de dhíth ar ghabhdóirí leochaileacha i gceantair ardriosca agus riosca an-ard, agus baineann an t-ualú is mó leo siúd dá bharr sin. Fanann gabhdóirí leochaileacha i gceantair riosca ísil mar riosca íseal, in ainneoin iad a bheith ainmnithe mar atá siad, mar gheall ar an gcomhcheangal fachtóirí (m.sh. síothlú maith, leochaileacht íseal screamhuisce, dlús íseal CCDTanna) a chinneann go bhfuil an riosca do ghabhdóir ar bith sa cheantar sin ó CCDT íseal.

Léarscáil 4: Léarscáil rangaithe rioscaí in éineacht le Léarscáil Ceantair Sainspéise le haghaidh Chontae an Chabháin




Léarscáil 5: Léarscáil rangaithe rioscaí in éineacht le Léarscáil Ceantair Sainspéise le haghaidh Chontae Phort Láirge



Suíomhanna Iniúchta a Roghnú

Soláthróidh an GCC oiliúint roghnaithe suíomhanna do ÚSU, rud a chuireadh leithdháileadh líon na n-iniúchtaí i gcomhréir leis an gcur chuige atá bunaithe ar rioscaí. Tabharfar teacht do gach ÚSU trí thairseach gréasáin an GCC darb ainm LMST (EDEN) ar shraitheanna sonraí bainteacha CFG. Tá na céimeanna a bhaineann le suíomh a roghnú ar taispeáint i bhFigiúr 7.



Figiúr 7: Roghnú suíomhanna

Iniúchadh suímh a dhéanamh

Leagann *Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Uisce 2007 (Clárú agus Iniúchtaí) 2012* (I.R. Uimh. 384) amach ábhar iniúchta agus na riachtanais le haghaidh ceapadh cigirí. Leagtar freagracht ar an GCC san Acht cigirí a cheapadh chun iniúchadh a dhéanamh ar CCDTanna.

Cuirfidh an ÚSU an t-úinéir ar an eolas 10 lá roimh ré faoin iniúchadh. Beidh aitheantas ar iompar ag cigirí údarais áitiúil atá oile go speisialta agus déanfaidh siad seiceáil an bhfuil an córas cóireála, mar a tógadh é, oiriúnach dá chuspóir agus nach bhfuil riosca do shláinte an phobail ná don timpeallacht ag baint leis.

Cinnfidh na hiniúchtaí cloí leis an *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012* agus rialacháin ghaolmhara agus go háirithe *Rialacháin na nAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 agus 2012 (Córais Chóireála Dramhuisce Tí) 2012* (I.R. 223 de 2012). Seiceálfadh an cigire:

- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an córas cláraithe;
- an bhfuil sé ag sileadh;
- an bhfuil comhchodanna an chórais in ord oibre;
- an bhfuil eisilteach ag cruthú linne ar dhromchla na talún;
- an bhfuil sé ag scaoileadh uisce go díreach chuig uisce dromchla gan cheadúnas;

An Plean Iniúchta

- an bhfuil uisce báistí nó uisce glan dromhchla ag dul isteach sa chóras;
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an córas á oibriú agus á chothabháil go cuí;
- an bhfuil an sloda bainte den chóras; agus
- an bhfuil an córas á bhainistiú ar bhealach nach ndéanann dochar don timpeallacht.

Baileofar eolas ginearálta maidir le dálaí an tsuímh, le cabhrú le cinneadh an chigire maidir le cloí le Rialachán I.R. Uimh. 223. Anuas air sin, baileofar eolas ar thobair phríobháideacha le cur le treoir a sholáthrófar don úinéir ar thógáil, cosaint agus oibriú cuí na dtobar seo.



Figiúr 8: Gabháil scáileáin den bheochan 'An méid ar chóir a bheith ag súil leis ó iniúchadh' ar shuíomh gréasáin an GCC

Foirm Iniúchta

Tá trí chuid ar leith san fhoirm iniúchta CCDT:

1. Sonraí ginearálta maidir le suíomh an CCDT agus maoine a bhaineann leis;
2. Sonraí measúnaithe suímh; agus
3. Ceistanna ar chloí atá bunaithe ar Rialachán I.R. Uimh. 223 agus a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fianaise ann le tabhairt le fios gur riosca é an CCDT do shláinte daoine nó don timpeallacht.

Mar chuid de chomhlánú na foirme iniúchta, d'fhéadfadh an cigire fianaise ghrianghraif a fháil a léiríonn ceistanna nó fadhbanna leis an suíomh. Cuirfear cóip den tuarascáil teimpléad iniúchta pro forma ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin an GCC.

Nuair a bheidh an t-iniúchadh ar siúl, soláthróidh an fhoireann seirbhísí uisce roinnt buneolais don úinéir ar bhainistiú córas de chineál umar múnlaigh agus an fáth a bhfuil tábhacht lena c(h)óras a bhainistiú, ar mhaithe le héilliú a chosc agus sláinte daoine a chosaint. Tá tuilleadh eolais ar fáil chomh maith ag www.epa.ie.

Tar Éis an Iniúchta

Cuirfear an t-úinéir ar an eolas faoi thorthaí an iniúchta taobh istigh de 21 lá. Má mheastar go bhfuil baol i gceist leis an gcóras do shláinte an phobail nó don timpeallacht, eiseoidh an ÚSU Fógra Comhairleach taobh istigh de 21 lá. Tá samplaí de shuíomhanna ar dócha go mbeidh feabhsú de dhíth orthu ar taispeáint i bhFigiúr 9.



Figiúr 9: Suíomhanna ar dócha go mbeidh feabhsú de dhíth orthu

Ní mór don ÚSU Fógra Comhairleach a eisiúint (féach an sampla in Aguisín B) i gcás go n-aithníonn an t-iniúchadh go bhfuil an córas cóireála tar éis *Rialacháin na nAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 agus 2012 (Córais Chóireála Dramhuisse Tí) 2012* (I.R. Uimh. 223 de 2012) a shárú. Luafaidh príomhfhórála an Fhógra Chomhairligh:

- Go bhfuil rialacháin sáraithe ag úinéir an áitribh;
- Gurb ionann an córas cóireála dramhuisse tí agus riosca do shláinte daoine nó don timpeallacht;
- Na fáthanna atá leis an tuairim sin a lua; agus
- Treoir a thabhairt don úinéir na nithe atá luaite san fhógra a leigheas faoi dháta sainithe.

Ní shonróidh an Fógra Comhairleach na hoibreacha feabhsúcháin ar leith a dhéanfar. Ós rud é go mbaineann gach cás le suíomh ar leith, seans go mbeidh ar úinéir an CCDT comhairle shaineolach theicniúil a lorg. Má tá Fógra Comhairleach faighte ag úinéir CCDT, tá cead aige/aici athiniúchadh ar a c(h)óras a iarraidh ar tháille €20. D'fhéadfadh an Fógra Comhairleach a bheith deimhnithe, leasaithe nó curtha ar ceal mar thoradh ar an athiniúchadh. I gcás go bhfuil síneadh ama de dhíth ar an úinéir ar chúiseanna bailí, tá cead aige/aici iarratas a chur isteach chuig an ÚSU ar a leithéid de shíneadh. I gcúinsí eisceachtúla, tá cead ag úinéir Fógra Comhairleach a eisíodh dó/di a achomharc chuig an gCúirt Dúiche ar an mbonn nach é an t-achomharcóir an duine ar chóir an fógra a sheirbheáil ina leith, nó mar gheall ar aindleacht shubstainteach nó nós imeachta ar bith.

Caibidil 7 – An plean a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú


An plean a chur i bhfeidhm

Beidh cur i bhfeidhm an phlean á dhéanamh ag Údaráis Seirbhísí Uisce. Beidh gach údarás freagrach as a chinntiú go ndéanfar an t-iniúchadh agus na straitéisí rannpháirtíochta dá limistéir feidhme a chur i gcrích, mar a pléadh roimhe seo.

Tá an feachtas feasachta pobail ar siúl faoi láthair agus leanfaidh sé ar aghaidh tar éis don iniúchadh ar shuíomhanna tosú. Tosóidh an t-iniúchadh in Iúil 2013. Ba chóir d'Údaráis Seirbhísí Uisce sceideal a fhorbairt chun an t-iniúchadh atá bunaithe ar rioscaí a dhéanamh.

Córas Iarratas le haghaidh Dramhuisce Tí (IDT)

Tá córas Teicneolaíochta Faisnéise (IDT) forbartha ag an GCC le bheith úsáidte ag Údaráis Seirbhísí Uisce agus an GCC (Figiúr 10). Gabhfaidh an córas an t-eolas go léir maidir le hiniúchtaí CCDT le haghaidh dhá chuspóir, is é sin, cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i leith iniúchtaí ar fud na tíre agus laghdú a dhéanamh ar an bhforchostas riaracháin atá ar thuiriscí don AE faoi Chlár Beart na Creat-Treorach Uisce agus Critéir Íosta Mholta le haghaidh Iniúchtaí Timpeallachta.



Figiúr 10: Gabháil scáileáin den chóras IDT

Cuimsíonn an córas roinnt eilimintí agus baineann gach ceann acu le cuid ar leith den reachtaíocht:

1. Clár Cigirí

Cumasóidh an córas ceapadh cigirí agus cothabháil clár cigirí, rud a bheidh ar fáil don phobal.

2. Iniúchtaí CCDT

Beidh cigirí a cheapfar ar an gClár in ann eolas a bhailítear mar chuid de na hiniúchtaí CCDT a sheoladh isteach. Cruthóidh an córas tuairisc ina gcuirfear síos ar thorthaí an iniúchta, rud is féidir a bheith eisithe don úinéir ag an ÚSU.

I gcásanna go bhfaigheann an t-iniúchadh fianaise go sáraíonn an CCDT na rialacháin bhainteacha, ligfidh an córas don ÚSU Fógra Comhairleach a chur le chéile agus a eisiúint. Eiseofar an Fógra Comhairleach seo, in éineacht leis an tuarascáil iniúchta, chuig an úinéir.

3. CFG Gréasáin

Cuirfear CFG Gréasáin agus feidhmiúlacht CFG Gréasáin ar fáil d'úsáideoirí an chórais: le cabhrú le ÚSUanna i bpleanáil agus sceidealú iniúchtaí CCDT; agus chun suíomh CCDT a bhfuil iniúchadh déanta air a logáil agus é a nascadh le maoine gaolmhara.

Is féidir leis an ÚSU an CFG Gréasáin a úsáid le féachaint ar na císil go léir a léiríonn dáileadh geografach an riosca ó thruailleáin d'uisce dromchla agus screamhuisce, in éineacht le císil a léiríonn suíomh na ngabhdóirí leochaileacha. De réir mar a chríochnófar iniúchtaí, beidh suíomh an CCDT ar a ndearnadh iniúchadh luaite sa CFG Gréasáin seo, in éineacht le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé comhlíontach.

4. Tuairisciú

De réir mar a bhíonn iniúchtaí seolta isteach ag cigirí, déanfaidh an córas logáil ar uimhreacha agus torthaí gach iniúchta, sonraí a úsáidfí an GCC le haghaidh riachtanais tuairiscithe an AE faoi CTU agus CÍMIT (RMCEI).

Tuairisciú ar Dhul Chun Cinn agus Cáilíocht

Ligfidh na sonraí a bheidh bailithe sa IDT do ÚSUanna ar leith dul chun cinn a sceideal iniúchtaí féin a rianú i gcomparáid leis an méid a bhfuiltear ag súil leis sa Phlean Náisiúnta Iniúchta. Go náisiúnta, beidh an GCC in ann tuarascálacha a chruthú chomh maith ar dhul chun cinn, ina ndéanfar cur síos ar líon na n-iniúchtaí atá déanta go náisiúnta ag gach ÚSU, agus an dul chun cinn atá déanta i gcomparáid leis an bPlean féin. Is féidir sonraí a bhaileofar a úsáid chomh maith chun ceistanna tosaíochta a aithint le haghaidh forfheidhmiú, chomh maith le beachtú a dhéanamh ar an modheolaíocht mheasúnaithe riosca, de réir mar is cuí. Ligfidh sonraí ar cháilíocht na n-iniúchtaí do mhonatóireacht a bheith déanta ar chomhsheasmhacht iniúchtaí CCDT. Beidh cur i bhfeidhm an phlean faoi réir maoirseacht rialaitheach ag an GCC.

Athbhreithniú an Phlean

Leagann Alt 70K. (3) den *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012* amach na riachtanais reachtúla le haghaidh athbhreithniú an Phlean. Déanann sé foráil go háirithe maidir leis seo a leanas:

'Déanfaidh an Ghníomhaireacht, ó am go ham de réir mar is iomchuí léi, agus uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse 5 bliana tar éis an dáta a dhéanfar an plean iniúchta náisiúnta, an plean a athbhreithniú agus cibé athleasuithe a dhéanamh air is cuí leis agus forléireofar tagairtí sa Chuid seo do phlean den sórt sin mar thagairtí a fholáionn tagairtí do phlean den sórt sin arna athleasú amhlaidh, mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt.'

Tá an GCC ag beartú athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Iniúchta Náisiúnta in 2014 .i. athbhreithniú ar an bhfeachtas feasachta agus ar an gcéad sraith iniúchtaí. Is é an príomhchuspóir a bheidh leis an athbhreithniú ná a chinntiú go mbeidh na straitéisí a chuirtear i bhfeidhm rathúil agus éifeachtach i gcosaint sláinte daoine agus na timpeallachta agus le ligean d'athruithe ar bith a mheastar a bheith riachtanach a bheith déanta.

Déanann Alt 70I d'Acht 2012 foráil do mhaoirseacht fheidhmíocht na nÚdarás Seirbhísí Uisce ag an GCC. Agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht an ÚSU, d'fhéadfadh an GCC athbhreithniú a dhéanamh:

- Ar cháilíocht, cainníocht agus taifeadadh ceart iniúchtaí;
- Ar cháilíocht an fheachtais feasachta (.i. rannpháirtíocht na saoránach);
- Dul chun cinn i gcloí le spriocanna atá leagtha amach sa Chreat-Treoir Uisce;
- Leorgacht an bhonneagair sloda agus a bhainistiú;
- Forfheidhmiú feidhmeanna atá sannta faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Sláintíochta 2007 agus 2012, na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus reachtaíocht bhainteach.

I gcás go gceapann an GCC gur theip ar Údarás Seirbhísí Uisce a fheidhmeanna a chur i gcrích, d'fhéadfadh sí treoir a eisiúint don Údarás Seirbhísí Uisce. Is cion é teip cloí lena leithéid de threoir. Ba chóir do gach ÚSU athbhreithniú a dhéanamh ar a fheidhmíocht go bliantúil maidir le líon na n-iniúchtaí a leithdháiltear dó sa Phlean agus líon na n-iniúchtaí breise a dhéantar. Murar baineadh amach na spriocanna, ba chóir doiciméadú a dhéanamh ar na fáthanna a bhí leis seo.

Braitheann an Plean Iniúchta Náisiúnta seo ar athrú iompair agus aithint ag úinéirí tí gur ceist sláinte agus timpeallachta iad uisce agus córais chóireála dramhuisce tí. Beartaíonn an Plean seiceálacha tréimhsiúla chun an teachtaireacht seo a threisiú agus iniúchtaí a spriocdhíriú i gceantair ina bhfuil an chosaint is mó de dhíth. Tá an Plean comhtháite le Pleanáil Bainistíochta Abhantraí na Creat-Treorach Uisce, chun cáilíocht uisce a chothabháil agus a fheabhsú, pé áit ar gá, ar mhaithe le leas iarmhartach shláinte an phobail. Cinnteoidh an t-athbhreithniú go bhfuil cuspóirí an Phlean á mbaint amach.

Tagairtí

- CEC (1975) *Council Directive of 15 July 1975 on waste (75/442/EEC)*. Council of the European Communities. OJ L 194.
- CEC (2000) *Council Directive 2000/60/EC of the European Parliament and of the Council of 23 October 2000 establishing a framework for Community action in the field of water policy*. Council of the European Communities. OJ L 327.
- CEC (2001) *Recommendation of the European Parliament and of the Council of 4 April 2001 providing for minimum criteria for environmental inspections in the Member States*. Council of the European Communities. OJ L 118.
- CEC (2012): *River Basin Management Plans report on the Implementation of the Water Framework Directive (2000/60/EC) COM(2012)670 of 14.11.2012*.
- CSO (2012) *Census 2011 Profile 4 The Roof over our Heads - Housing in Ireland*, Central Statistics Office, Skehard Road, Cork, Ireland.
- DoELG Department of Environment and Local Government (1977). *Local Government (Water Pollution) Act, 1977*. Government Publications Office, Dublin, Ireland.
- DoELG Department of Environment and Local Government (1990). *Local Government (Water Pollution) (Amendment) Act, 1990*. Government Publications Office, Dublin, Ireland.
- DoEHLG Department of Environment, Heritage and Local Government (2007) *Water Services Act, No. 30 of 2007*. Government Publications Office, Dublin 2, Ireland.
- DoEHLG Department of Environment, Heritage and Local Government (2008) *Bathing Water Quality Regulations, Statutory Instrument No. 79 of 2008*. Government Publications Office, Dublin 2, Ireland.
- DoEHLG Department of Environment, Heritage and Local Government (2009). *European Communities Environmental Objectives (Fresh Water Pearl Mussel) Regulations, Statutory Instrument No. 296 of 2009*. Department of Environment, Heritage and Local Government.
- DoECLG Department of Environment, Community and Local Government (2012). *Water Services (Amendment) Act, No. 2 of 2012*. Government Publications Office, Dublin 2, Ireland.
- DoECLG Department of Environment, Community and Local Government (2012). *Water Services Acts 2007 and 2012 (Domestic Waste Water Treatment Systems) Regulations 2012. Statutory Instrument No. 223 of 2012*. Government Publications Office, Dublin 2, Ireland.
- EPA (2009) *Code of Practice: Wastewater Treatment and Disposal Systems Serving Single Houses (p.e. ≤ 10)*. Environmental Protection Agency, Wexford.

EPA (2013) *An Environmental Risk Based Methodology to assist in the prioritisation of the inspection of Domestic Waste Water Treatment Systems*. Environmental Protection Agency, Wexford.

Gill, L., Ó Súilleabháin, C., Johnston, P. and Misstear, B. (2005). *An investigation into the performance of subsoils and stratified sand filters for the treatment of waste water from on-site systems. (2001-MS-15-M1) Synthesis Report*. Prepared for EPA by The Environmental Engineering Group, TCD.

Macler, B.A., Merkle, J.C. (2000). *Current knowledge on groundwater microbial pathogens and their control*. Hydrogeology Journal, 8(1), 29-40.

Ó Súilleabháin, C. (2004). *The Attenuation Capacity of Subsoils Receiving Domestic Wastewater Effluent*. PhD Dissertation, Department of Civil, Structural and Environmental Engineering, Trinity College Dublin.

USEPA (2002). *Onsite Wastewater Treatment Systems Manual*. US Environmental Protection Agency, Office of Water: Washington.

Gluais

Ardchóras Cóireála Dramhuisce: Is téarma é seo a chuimsíonn córais chóireála thánaisteacha agus/nó threasacha.

Uiscíoch: Sraith nó comhcheangal sraitheanna a stóráilann nó a tharchuireann screamhuisce.

Catagóir Uiscígh: I bhfianaise na gcomharthaí sóirt hidrigeolaíocha agus luach na hacmhainne screamhuisce, tá dromchla talún uile Phoblacht na hÉireann roinnte ina naoi gcatagóir uiscígh (rudaí ar a dtugtar limistéir chosanta acmhainní chomh maith).

Maolú: Laghdú ar mhais nó tiúchan comhdhúile i screamhuisce de réir a chéile nó fad ón bhfoinse mar gheall ar phróisis fhisiceacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha a tharlaíonn go nádúrtha.

Éileamh Bithcheimiceach ar Ocsaigin (ÉBO): Is tomhas é ÉBO ar an ráta ag an n-úsáideann miocrorgánaigh ocsaigin thuaslagtha i ndianscaoileadh bithcheimiceach ábhair orgánaigh i ndramhuiscí i ndálaí aeróbacha. Tugann tástáil ÉBO5 neart orgánach dramhuisce le fios agus cinntear é tríd an tiúchan ocsaigine tuaslagtha a thomhas roimh agus tar éis gor sampla ag 20°C ar feadh cúig lá sa dorchadas. D'fhéadfaí coscaire a chur leis chun cosc a chur le nítriginíú.

Éileamh Ceimiceach ar Ocsaigin (ÉCO): Tomhas is ea ÉCO ar an méid ocsaigine a chaitear ó ocsaídeoir ceimiceach i ndálaí rialaithe. Tá an ÉCO níos mó ná an ÉBO, ós rud é gur minic go ndéanfaidh an t-ocsaídeoir ceimiceach níos mó comhdhúile a ocsaídiú ná miocrorgánaigh.

Dramhuisce Tí: Sainmhíníonn *an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007* dramhuisce tí mar dhramhuisce a bhfuil a chomhdhéanamh agus a thiúchan (bitheolaíoch agus ceimiceach) de chineál a scardtar as teaghlach de ghnáth agus a thionscnaíonn go príomha ó mheitibileacht an duine nó ó ghníomhaíochtaí an duine de chineál tí ó lá go lá, lena n-áirítear níchán agus sláintíocht, ach ní fholaíonn

sé saillte, olaí, gréisc nó cáithníní bia a scardtar ó áitreabh i gcúrsa seirbhís ghaolmhar a sholáthar nó trádáil ghaolmhar a sheoladh nó le linn ullmhúchán a dhéanamh ina leith sin.

Córas Cóireála Dramhuisce Tí (CCDT): Sainmhíníonn *an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú)* córas cóireála dramhuisce tí mar:

'chóras lena ngabhann próisis fhisiceacha, cheimiceacha, bhitheolaíocha nó theirmeacha, nó teaghlaim de na próisis sin, ar próisis iad a úsáidtear chun dramhuisce tí, nó an sloda a thig ó dhramhuisce tí, a chóireáil nó a dhiúscairt, agus folaíonn sé —

- (a) gach umar múnlaigh agus umar agus córas dramhuisce a fhaigheann, a stóráilann, a chóireálann nó a dhiúscaíonn dramhuisce tí agus gach draein a bhaineann leis na humair nó leis na córais sin, agus*
- (b) gach draein a bhaineann le scardadh dramhuisce tí, cibé acu a scardann nó nach scardann siad chun umair múnlaigh nó umair dramhuisce'.*

Líonra Malartaithe Sonraí Timpeallachta (LMST): Tairseach gréasáin de chuid an GCC a bhíonn á húsáid ag Údarás Seirbhísí Uisce (ÚSU) na n-údarás áitiúil chun cloí a thuairisciú agus a bhainistiú.

Eotrófú: Saibhriú an uisce ag cothaithigh, go háirithe comhdhúile nítrigine agus/nó fosfair, rud is cúis le fás luathaithe algaí agus foirmeacha níos airde de bheatha phlanda, rud a dhéanann cur isteach neamh-inmhianaithe ar chothromaíocht na n-orgánach atá i láthair san uisce agus ar cháilíocht an uisce atá i gceist.

Córas Faisnéise Geagrafaí (CFG): Córas is ea CFG atá deartha le gach cineál de shonraí geografacha a ghabháil, a stóráil, a ionramháil, a anailísiú, a bhainistiú agus a chur i láthair.

Insíothlú: An próiseas trína dtéann uisce ar dhromchla na talún isteach san ithir.

Córas insíothlaithe: Cuimsíonn sé seo limistéir síothlaithe agus scagairí snasta a scardann eisilteach atá cóireáilte go páirteach agus go hiomlán isteach sa talamh.

Ábhar Orgánach: Cuimsíonn sé próitéiní, carbaihiodráití agus saillte go príomha. Tá an chuid is mó den ábhar orgánach i ndramhuisce tí in-bhithmhíllte. Is féidir tomhas a dhéanamh ar an ábhar orgánach in-bhithmhíllte leis an tástáil ÉBO.

Ortafosfar: Is forfar intuaslagtha imoibríoch é ortafosfar agus bíonn sé ar fáil go héasca le haghaidh iontógáil bhitheolaíoch.

Orgánaigh Phataigineacha: Na miocrorgánaigh sin a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le galair agus iad le fáil i ndramhuisce baile. Úsáidtear orgánaigh, amhail *Escherichia coli* agus *streptococcus faecalis*, a bhfuil an bunús eintreach céanna leo is atá leis na pataiginí, úsáidtear iad le tabhairt le fios cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh pataiginí a bheith i láthair sa dramhuisce.

Síothlú: Gluaiseacht mhall leachta trí mheán scagtha.

Limistéar síothlaithe: Córas ina bhfuil trinsí, píobaí agus greannmheallta gairbhéil agus é suiteáilte le glacadh le dramhuisce ó umar múnlaigh nó ó ghléas cóireála eile agus é a aistriú isteach san ithir le haghaidh na cóireála agus na diúscartha deiridh.

Cláir Beart (CBanna): Tá ceangal sa Chreat-Treoir Uisce go bhforbrófar clár beart chun cáilíocht uisce a fheabhsú agus go gcuirfear i bhfeidhm é.

Múnalach: Leacht agus ábhar soladach/leathsholadach a bhaintear ó umar múnlaigh.

Córas Umar Múnlaigh: Córas cóireála dramhuisce a chuimsíonn umar múnlaigh go háirithe le haghaidh cóireáil phríomha, agus córas síothlaithe san ithir ina dhiaidh sin a dhéanann cóireáil thánaisteach agus threasach ansin.

Crios Cosanta Foinse: Cruthaítear crios cosanta foinse tríd an dá eilimint de chríos dromchla talún (LCS agus leochaileacht) a chomhtháthú - d'fhéadfaí iomlán féideartha ocht gcrios cosanta foinse a chruthú.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) Is próiseas í MST trínar gá nithe timpeallachta a chomhtháthú go hiomlán in ullmhú Pleananna agus Clár, agus sula nglactar leo ar deireadh. Baineann an gá atá le MST leis an Treoir MST (2001/42/EC).

Tréscailteacht Fo-ithreach: Is feidhm den (a) dáileadh méideanna gráinní, (b) méid agus (uaireanta cineál) mhéid na gcáithníní cré atá ann, agus (c) an chaoi a bhfuil na gráinní brúite le chéile í tréscailteacht na fo-ithreach go príomha.

Solaid ar Fuaidreamh (SF): Cuimsíonn sé gach ábhar ar fuaidreamh, idir orgánach agus neamhorgánach. In éineacht leis an tiúchan ÉBO, is minic a úsáidtear SF chun cáilíocht an dramhuisce a chainníochtú.

Cóireáil Threasach: Próisis bhreise chóireála a mbíonn íonú sa bhreis ar an méid a bhaintear amach trí chóireáil phríomha agus thánaisteach a dhéanamh mar thoradh air.

Iomlán na Nítrigine: Tiúchan maise shuim Kjeldahl (nítrigin orgánach agus amóiniam), níotráit agus nítrigin níotráite.

Iomlán an Fhosfair: Tiúchan maise shuim an fhosfair orgánaigh agus neamhorgánaigh.

Dramhuisce: An scardadh ó fhearais sláintíochta, m.sh. leithris, feistí seomra folctha, doirtil cistine, meaisíní níocháin, miasniteoirí agus ceathanna.

Sloda Dramhuisce: Na solaid a shíothlaíonn ag bun an umair síothlaithe phríomha/thánaistigh.

Údarás Seirbhísí Uisce: Comhairle Contae nó Comhairle Cathrach: faoi réir cibé eisceachtaí a fhorordófar, agus mar a gceadaíonn an comhthéacs é, aon tagairtí d'údarás sláintíochta nó d'údarás áitiúil in aon reachtaíocht, a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an údaráis sin i ndáil le seirbhísí uisce, measfar gur tagairtí iad d'údarás seirbhísí uisce.

Aguisín A: Táblaí le haghaidh leithdháileadh iniúchtaí atá bunaithe ar rioscaí

Tábla A.1: Achar gach contae i ngach aon chatagóir riosca

	Achar Iomlán (km ²)					Dobharcheantair na nGabhdóirí Leochaileacha (km ²)				
	Iomlán	Crios 1 Íseal	Crios 2 Measartha	Crios 3 Ard	Crios 4 An-Ard	Iomlán	Crios 1B Íseal	Crios 2B Measartha	Crios 3B Ard	Crios 4B An-Ard
Náisiúnta	66976	42214	7568	4633	12560	14534	10374	1486	873	1801
Ceatharlach	880	545	144	67	125	265	175	43	21	25
An Cabhán	1852	440	215	229	968	14	8	1	1	5
An Clár	3106	2010	423	253	419	1874	1295	245	133	201
Corcaigh	7279	5227	858	426	768	2718	1894	323	191	311
Dún na nGall	4707	2842	463	334	1068	1218	821	108	74	216
Baile Átha	531	166	35	28	303	66	31	9	3	23
Gaillimh	5808	3866	588	350	1004	2613	1822	255	161	375
Ciarraí	4623	3173	481	271	698	939	827	37	32	42
Cill Dara	1629	916	195	110	408	87	65	8	4	10
Cill Chainnigh	2033	1088	363	189	392	222	150	36	16	21
Laois	1700	1145	216	122	218	879	659	101	48	71
Liatroim	1494	630	199	192	473	135	69	16	18	31
Luimneach	2631	1213	357	297	764	186	100	24	18	45
An Longfort	1026	511	145	90	281	16	12	1	1	1
Lú	772	259	108	62	343	62	10	5	4	43
Maigh Eo	5254	4201	488	232	333	988	830	77	39	42
An Mhí	2246	1163	228	154	700	22	4	3	1	14
Muineachán	1252	281	174	176	622	83	25	17	8	32
Uíbh Fhailí	1977	1559	176	90	152	68	54	7	3	4
Ros Comáin	2424	1501	314	207	402	366	272	38	16	39
Tiobraid	4200	3246	436	207	310	279	221	33	11	14
Láirge An	1714	1356	163	76	118	11	8	2	1	0
Garman Cill	1956	1406	190	100	261	456	349	33	20	54

Tábla A.2: Líon na nIníúchtaí in aghaidh an cheantair riosca, agus é bunaithe ar leithdháileadh náisiúnta 1,000 iniúchadh

		Taobh amuigh de dhobharcheantair na ngabhdóirí leochaileacha				Taobh istigh de dhobharcheantair na ngabhdóirí leochaileacha			
	Foriomlán Iomlán	Crios 1A Íseal	Crios 2A Measarth	Crios 3A Ard	Crios 4A An-Ard	Crios 1B Íseal	Crios 2B Measarth	Crios 3B Ard	Crios 4B An-Ard
Ceatharlach	12	1	1	1	4	1	1	1	2
An Cabhán	48	2	3	5	38	0	0	0	0
An Clár	55	3	2	3	9	10	6	6	16
Corcaigh	99	13	6	6	18	15	8	9	24
Dún na nGall	80	8	4	6	33	6	3	3	17
Baile Átha Cliath	15	1	0	1	11	0	0	0	2
Gaillimh	98	8	4	4	25	14	6	8	29
Ciarraí	57	9	5	6	26	6	1	1	3
Cill Dara	25	3	2	2	16	1	0	0	1
Cill Chainnigh	31	4	4	4	14	1	1	1	2
Laois	26	2	1	2	6	5	2	2	6
Liatroim	29	2	2	4	17	1	0	1	2
Luimneach	50	4	4	7	28	1	1	1	4
An Longfort	17	2	2	2	11	0	0	0	0
Lú	18	1	1	1	12	0	0	0	3
Maigh Eo	47	13	5	5	11	6	2	2	3
	40	5	3	4	27	0	0	0	1
Muineachán	33	1	2	4	23	0	0	0	3
Uíbh Fhailí	16	6	2	2	6	0	0	0	0
Ros Comáin	33	5	3	4	14	2	1	1	3
Árann	16	4	1	1	5	3	0	0	2
An Iarmhí	53	3	3	3	32	1	1	1	9

Tábla A.3: Tréithe a bhreithnítear i rith measúnú riosca

	Ceantar foriomlán (km ²)	Líon íosta na n- iniúchtaí in aghaidh an chontae (bunaithe iomlán náisiúnta 1,000*)	% den chontae atá faoi Riosca An-Ard	% den chontae ina bhfuil Ardleochaileacht Leochaileacht	% den chontae ina bhfuil Dóchúlacht An- Neamhleor Síothlú	% den chontae ina bhfuil dobharcheantair Gabhdóirí	Dlús CCDT (líon na gcóras in aghaidh an km ²)
Ceatharlach	880	12	14	33	6	30	8
An Cabhán	1852	48	52	30	62	1	8
An Clár	3106	55	13	54	26	60	6
Corcaigh	7279	99	11	52	13	37	8
Dún na nGall	4707	80	23	74	15	26	7
Baile Átha Cliath	531	15	57	28	40	12	24
Gaillimh	5808	98	17	41	38	45	7
Ciarraí	4623	57	15	50	25	20	6
Cill Dara	1629	25	25	7	22	5	10
Cill Chainnigh	2033	31	19	57	19	11	8
Laois	1700	26	13	29	10	52	7
Liatroim	1494	29	32	25	75	9	5
Luimneach	2631	50	29	29	36	7	9
An Longfort	1026	17	27	13	40	2	7
Lú	772	18	44	23	30	8	15
Maigh Eo	5254	47	6	29	19	19	5
	2246	40	31	12	31	1	10
Muineachán	1252	33	50	32	46	7	10
Uíbh Fhailí	1977	16	8	4	22	3	6
Ros Comáin	2424	33	17	35	35	15	6
Sligeach	1772	26	20	31	47	12	6
Tiobraid Árann	4200	39	7	32	5	7	6
Port Láirge	1809	16	8	32	7	28	7
An Iarmhí	1714	14	7	6	15	1	7
Loch Garman	2301	53	40	28	37	11	11
Cill Mhantáin	1956	25	13	63	10	23	6

* Líon na n-iniúchtaí agus é slánaithe go slánuimhreacha chun críocha leithdháilte

Aguisín B: Sampla d'Fhógra Comhairleach

FÓGRA COMHAIRLEACH

ACHTANNA SEIRBHÍSÍ UISCE 2007 agus 2012

FÓGRA DE BHUN ALT 70(H) DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007, AR THEIP CLOÍ LE DUALGAIS ÚINÉIRÍ ÁITREABH A BHAINNEANN LE CÓRAS CÓIREÁLA DRAMHUISCE TÍ, MAR ATÁ SONRAITHE IN ALT 70(C) DEN ACHT.

Chuig: [Ainm]

Ó: [Comhairle Contae]

Contae: [Ainm an Chontae]

Seoladh: [Seoladh na

Maoine]

DE BHRÍ gur dóigh leis an údarás seirbhísí uisce gur theip ar an duine a bhfuil an fógra seo dírithe chuige/chuici cloí le dualgas atá sonraithe faoi alt 70C(1) den Acht Seirbhísí Uisce, 2007, mar atá:

1. Tá an t-úinéir tar éis rialacháin a rinneadh faoi alt 70L den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007, a shárú nó
2. Is riosca, nó is dóchúil gur riosca do shláinte daoine nó don timpeallacht é an córas cóireála dramhuisce tí, agus go háirithe - (i) go gcruthaíonn sé riosca d'uisce, d'ithir, do phlandaí agus ainmnithe, (ii) go gcruthaíonn sé núis trí thorann nó bolaithe, nó (iii) go mbíonn tionchar díobhálach aige ar an tuath nó ar áiteanna sainspéise.

Seoladh NA MAOINE

BAINTÍ

[Seoladh na Maoine]

[Seoladh na Maoine] Seoltaí éagsúla más gá

Baile Fearainn

Contae

FÁTH NA TUAIRIME

#	An Rannán	Fáth an Fhógra Chomhairligh

BEARTA DE DHÍTH

#	Bearta	Sonraí

Tag: DWPR00000xx

TÁ FÓGRA Á THABHAIRT LEIS SEO gur gá do na nithe atá sonraithe thuas a bheith leigheasta
agat faoi
[ll/mm/bbbb]

STAMPA AN
ÚDARÁIS SEIRBHÍSÍ
UISCE

Sínithe Ag:

Clóigh an

tAinm:

Dar dáta 20

DRAFT

NÓTAÍ TÁBHACHTACHA DON DUINE A BHFUIL AN FÓGRA SEO Á SHEIRBHEÁIL INA LEITH

- Is cion é teip na nithe atá sonraithe san fhógra comhairleach a leigheas seo taobh istigh den sprioc ama shainithe.
- Ní chuireann iniúchtaí a dhéantar agus fógraí comhairleacha a eisítear faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2007, ní chuireann siad díolúine ar fáil ó ionchúiseamh i gcionta sláinte poiblí nó timpeallachta faoi reachtaíocht eile.
- Tá cead agat, taobh istigh de 21 lá ó eisiúint an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an údarás seirbhísí uisce a d'eisigh é ar athiniúchadh ag oifigeach údaráithe den údarás seirbhísí uisce. Caithfidh d'iarratas a bheith (a) i scríbhinn agus (b) go mbeidh an táille athiniúchta €20 in éineacht leis. Déanfar an táille a aisíoc má chuirtear an fógra comhairleach seo ar ceal mar thoradh ar an athiniúchta.

DRAFT

Aguisín C: Reachtaíocht

An Comhthéacs Dlíthiúil Dramhuisce Tí

Tá roinnt píosaí reachtaíochta Eorpaí agus náisiúnta a bhaineann le córais chóireála dramhuisce tí. Tá achoimre ar na príomhchinn acu sa chuid seo.

An Chreat-Treoir Dramhaíola (75/442/EC)

I nDeireadh Fómhair 2009, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa (CBE) nach raibh Éire tar éis glacadh le reachtaíocht le cloí le hAirteagail 4 agus 8 den *Treoir Comhairle maidir le Dramhaíl 75/442/EEC* (C-188/08). Bhí sé mar chonclúid ag an gCúirt gur theip ar Éirinn cloí lena hoibleagáidí dlí maidir le rialáil córais chóireála dramhuisce tí agus go raibh seiceálacha agus iniúchtaí córasacha tréimhsiúla ar CCDTanna in easnamh go háirithe.

Tá ceangal in Airteagal 4 den Treoir gur gá: *‘dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt gan baol do shláinte daoine agus gan próisis nó modhanna a úsáid a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh don timpeallacht agus go háirithe:*

- (a) gan riosca d’uisce, aer, ithir, plandaí agus ainmhithe,*
- (b) gan núis a chruthú trí thorann nó bolaithe,*
- (c) gan tionchar díobhálach a imirt ar an tuath nó ar áiteanna sainspéise.’*

Tá foráil in Airteagal 8 den Treoir gur gá do na Ballstáit: *‘na bearta riachtanacha a dhéanamh le cinntiú go ndéanfaidh sealbhóir dramhaíola ar bith:*

- (a) cinnte de go mbeidh sí láimhseáilte ag bailitheoir príobháideach nó poiblí dramhaíola, nó ag gnóthas a chuireann na hoibríochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn II A nó B i gcrích, nó*
- (b) go ndéanfaidh sé í a aisghabháil nó a dhiúscairt é féin, i gcomhréir le forálacha na Treorach seo.’*

An Chreat-Treoir Uisce (2000/60/EC)

Is é is aidhm don Chreat-Treoir Uisce ná cáilíocht uisce a fheabhsú ar fud an AE. Baineann sí le haibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí cósta. Tá ceangal sa Treoir gur gá pleananna bainistíochta a ullmhú ar bhonn abhantraí agus tá riachtanas ann ansin gur gá clár beart a dhéanamh chun cáilíocht uisce a fheabhsú.

An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007

Leagann an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007 (Uimh. 30 de 2007) ‘dualgas cúraim’ ar úinéir córas cóireála dramhuisce tí (Alt 70) le cinntiú ‘go gcoimeádtar é ionas nach mbeidh sé nó nach dóchúil go mbeidh sé mar riosca do shláinte daoine nó don timpeallacht’. Tugann sé cumhachtaí chomh maith do dhuine atá údaraithe ag an ÚSU treoir a thabhairt don úinéir a leithéid de bhearta a dhéanamh is a mheastar a bheith riachtanach le déileáil leis an riosca. Is ceadmhach d’iniúchadh eile seachas an t-iniúchadh atá bunaithe ar riosca atá leagtha amach sa Phlean seo a bheith déanta ag daoine údaraithe faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce.

An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012

Déanann an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012) foráil do chlárú córais chóireála dramhuisce tí, ullmhú Plean Náisiúnta Iniúchta agus iniúchadh agus feabhsú córais chóireála atá ag imirt tionchair ar shláinte nó ar an timpeallacht.

Tá ceangal in Alt 70K den *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012* gur gá don GCC Plean Náisiúnta Iniúchta a ullmhú le haghaidh córais chóireála dramhuisce tí agus leagtar amach na nithe atá le bheith breithnithe ag an GCC nuair a bheidh an Plean á dhréachtú. Tá dualgas ar ÚSUanna an Plean a chur i bhfeidhm agus is cion é gan a leithéid a dhéanamh. Déanann an reachtaíocht foráil chomh maith le haghaidh athmheas an Phlean.

Tá na caighdeáin lenar gá do chórais chóireála dramhuisce tí cloí leagtha amach i *Rialacháin na nAchtanna Seirbhísí Uisce 2007 agus 2012 (Córais Chóireála Dramhuisce Tí) 2012* (I.R. Uimh. 223 de 2012). Foilsíodh na rialacháin seo i Meitheamh 2012 tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil an RCPRÁ. Forordaíonn na rialacháin na gníomhartha is gá d'úinéirí córais chóireála dramhuisce tí a dhéanamh chun cloí lena ndualgais faoi Alt 70(C)(1) den *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012* a chinntiú.

Headquarters, PO Box 3000

**Johnstown Castle Estate
County Wexford, Ireland**

Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T:+353 53 916 0600
F:+353 53 916 0699

**Regional Inspectorate McCumiskey House,
Richview Clonskeagh Road, Dublin 14, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T:+353 1 268 0100
F:+353 1 268 0199

**Regional Inspectorate
Inniscarra, County Cork, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Inis Cara
Contae Chorcaí, Éire

T:+353 21 487 5540
F:+353 21 487 5545

**Regional Inspectorate
John Moore Road, Castlebar
County Mayo, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Bóthar Sheán de Mórdha
Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, Éire

T:+353 94 904 8400
F:+353 94 902 1934

**Regional Inspectorate Seville Lodge,
Callan Road, Kilkenny, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Lóiste Sevilla, Bóthar
Challainn, Cill Chainnigh, Éire

T:+353 56 779 6700
F:+353 56 779 6798

**Regional Inspectorate
The Glen, Monaghan, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, An Gleann
Muineachán, Éire

T:+353 47 77600
F:+353 47 84987

E: info@epa.ie
W: www.epa.ie
Íosghlao: 1890 33 55 99

